



**Comhairle Contae
Dhún na nGall**
Donegal County Council

**NA hACHTANNA UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000-2018
ALT 53, 54 AGUS 55**

**FÓGRA MAIDIR LE DÉANMHAIS BHREISE A CHUR LEIS AN TAIFEAD AR
DHÉANMHAIS CHOSANTA**

TABHAIR AR AIRD go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall (“an Chomhairle”), an tÚdarás Pleanála do Chontae Dhún na nGall, líon déanmhas breise a chur lena Taifead ar Dhéanmhas Chosanta sna limistéir seo a leanas:

LIMISTÉAR	LÍON NA NDÉANMHAS BREISE ATÁ BEARTAITHE
CB Leitir Ceanainn	3

TABHAIR FAOI DEARA

(a) Is féidir amharc ar an déanmhas breise atá beartaithe ag <http://www.donegalcoco.ie/ie/seirbhisi/pleanail/caomhnú/> agus-

- in oifigí na Comhairle in Áras an Chontae, Leifear (Rannóg Pleanála), agus sna hIonaid Seirbhísí Poiblí i Leitir Ceanainn, le linn gnáthuaireanta oifige (Luan go Déardaoin, 9:00rn go 12:30in agus 1:00in go 5:00in; agus ar an Aoine, 9.00rn go 12.30in agus 1.00in go 4.30in); agus

ar feadh tréimhse **deich seachtain** (10) ó **Dé Luain 26ú lá dé Deire Fómhair 2020 go dtí Dé Luain an 4ú lá dé Eanáir 2021** (an dá dháta san áireamh)

- (b) Le linn na tréimhse céanna a sonraíodh in (a) thuas, féadfaidh aon duine aighneachtaí scríofa nó tuairimí a dhéanamh i ndáil leis na déanmhas breise atá beartaithe, chuig an gComhairle agus cuirfead aon aighneachtaí nó tuairimí dá leithéid san áireamh sula gcuirfead na déanmhas breise leis an taifead ar dhéanmhas chosanta.
- (c) Ba cheart aighneachtaí scríofa/tuairimí a chur chuig an té a bhfuil a lámh leis seo ag an seoladh thíos tráth *nach déanaí ná* an dáta thuasluaite (Dé Luain an 4ú lá dé Eanáir 2021 ag 4.00in). Is féidir aighneacht a sheoladh chuig planning@donegalcoco.ie freisin

- (d) Cuirfidh an Chomhairle aon aighneachtaí/tuairimí chuig an t-Aire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta ionas gur féidir léi iad a bhreithniú sula gcuirfear na déanmhais bhreise leis an taifead ar dhéanmhais chosanta.

Eunan Quinn,
Pleanálaí Sinsearach,
Stiúrthóireacht Forbartha Pobail & Seirbhísí Pleanála
Comhairle Contae Dhún na nGall,
Áras an Chontae,
Leifear
Co. Dhún na nGall.